Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2015

# Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh

## Tionscadal

## Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Le heisiúint do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Iarrthóirí
Dé Céadaoin, 1 Deireadh Fómhair, 2014

Ní mór an Tionscadal seo a bheith críochnaithe faoi 28 Aibreán, 2015

An t-íosmhéid ama a mholtar: 42 uair an chloig

300 marc

## TÉAMAÍ

Roghnaigh **ceann amháin** de na téamaí a leanas do do thionscadal:

1. **Focail is maith liom**

2. **Ón bhfeirm go dtí an cuisneoir/forc**

3. **Mé féin agus na Féinphiceanna**

4. **Taobh istigh d'inneall**

5. **Ábhar inspioráide dom na Seanmháistrí**

6. **Dán: Seanbhróga**

Bhí cuma mhaith orthu le chéile, ar dtús,
na hiallacha teann agus iad snasta pointeáilte,
ach an caitheamh agus an chuimilt a scrios iad:
Scéal a bhrisfeadh do chroí!

In íochtar a fheictear an saol,
cabhsaí agus cosáin,
garbh agus mín,
te, fuar, fliuch, tirim,
ag seasamh, ag damhsa, ag imirt,
caitheamh, caitheamh, caitheamh.

Níl caint acu,
mar tá a dteanga stróicthe,
ach tugann roic leathracha le fios
gur garbh an caitheamh é
agus gur crua an saol é,
nuair a bhítear ag satailt ort, lae i ndiaidh lae.

Sáilchaite,
na barraicíní scríobtha
agus ag siúl
i measc na n-íochtarán,
scar an dá bhonn leis na colainneacha
mar ghéill na greamanna, gach uile cheann.

*Arna chur in oiriúint ó dhán le Robert Armitage*

## Treoracha do na hIarrthóirí

Ní mór do thionscadal a roghnú as an liosta téamaí thuas agus ní mór na **réimsí staidéir** a leanas a bheith ann:

**(a) Staidéir dhéthoiseacha (2T)**
**(b) Staidéir thacaíochta don 2T**
**(c) Staidéir thríthoiseacha (3T)**
**(d) Obair Roghnach**
**(e) Staidéir thacaíochta don 3T agus don Obair Roghnach.**

D'obair dhílis féin a chaithfidh a bheith in ullmhúchán, i bhforbairt agus i gcur i gcrích do thionscadail agus ní mór do do mhúinteoir monatóireacht rialta a dhéanamh air i rith na bliana.

Déan do thionscadal a fhorbairt ó do théama roghnaithe. Tosaigh ag obair ó rud a fheiceann tú nó ó rud a shamhlaíonn tú nó ón dá rud in éineacht. Ní cóir a bheith ag brath ar obair a chóipeáil ná a rianú.

Is ceadmhach an obair do na **réimsí staidéir** a dhéanamh in aon ord is maith leat.

### (a) Staidéir 2T: Péintéireacht *nó* Dearadh Grafach

***Péintéireacht***
Déan péintéireacht bunaithe ar do phointe tosaigh. Is ceadmhach úsáid a bhaint as meáin mheasctha.
**nó**
***Dearadh Grafach***
Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas bunaithe ar do phointe tosaigh:

- Póstaer
- Forchlúdach Leabhair
- Stampa Poist
- Clúdach Dlúthdhiosca
- Clúdach DVD
- Lógó
- Bróisiúr.

Ní ceadmhach do phéintéireacht ná do dhearadh grafach a bheith níos mó ná 59 cm × 42 cm (A2).

Is é ba chóir a bheith i do **Bhileog Ullmhúcháin** ná rogha de staidéir ábhartha ullmhúcháin don Phéintéireacht **nó** don Dearadh Grafach, a thaispeánann pointe tosaigh agus forbairt na hoibre. Cuir do Bhileog Ullmhúcháin i láthair ar thaobh amháin de bhileog de pháipéar líníochta dar toisí 59 cm × 42 cm (A2) ar a mhéad.

### (b) Staidéir thacaíochta do na Staidéir 2T

Ba chóir do chuid **Staidéar Tacaíochta** a bheith i bhfoirm físe agus i bhfoirm scríofa, agus ba chóir go mbeadh baint acu leis an saothar 2T. Cuir do Staidéir Thacaíochta i láthair ar thaobh amháin de pháipéar líníochta dar toisí 59 cm × 42 cm (A2) ar a mhéad.

## (c) Staidéir 3T

Dear agus déan saothar 3T bunaithe ar do phointe tosaigh agus bain úsáid as teicníc amháin ar a laghad díobh seo a leanas:
**Múnlóireacht**
**Snoíodóireacht**
**Tógáil**.
Ní cóir go mbeadh an saothar críochnaithe 3T níos mó ná 80 cm sa toise is mó.

Is é ba chóir a bheith i do **Bhileog Ullmhúcháin** ná rogha de staidéir ábhartha ullmhúcháin don saothar 3T, a thaispeánann pointe tosaigh agus forbairt na hoibre. Cuir do Bhileog Ullmhúcháin i láthair ar thaobh amháin de bhileog de pháipéar líníochta dar toisí 59 cm × 42 cm (A2) ar a mhéad.

## (d) Obair Roghnach

Roghnaigh ceann amháin díobh seo, agus dear agus déan saothar ceardaíochta bunaithe ar do phointe tosaigh. Ní ceadmhach an saothar a bheith níos mó ná an uasmhéid a luaitear.

| | *An Uasmhéid* |
|---|---|
| **Baitíc** | 59 cm × 42 cm (A2) |
| **Blocphriontáil** | 59 cm × 42 cm (A2) |
| **Eitseáil** | 59 cm × 42 cm (A2) |
| **Leabharcheardaíocht** | 59 cm × 42 cm (A2) |
| **Peannaireacht** | 59 cm × 42 cm (A2) |
| **Bróidnéireacht** | 59 cm × 42 cm (A2) |
| **Fabraicphriontáil** | 59 cm × 42 cm (A2) |
| **Scáthlánphriontáil** | 59 cm × 42 cm (A2) |
| **Fíodóireacht** | 59 cm × 42 cm (A2) |
| | *An uasmhéid in aon toise* |
| **Miotalóireacht Ealaíne** | 26 cm |
| **Snoíodóireacht** | 26 cm |
| **Múnlóireacht/Teilgean** | 26 cm |
| **Pacáistíocht** | 26 cm |
| **Criadóireacht/Ceirmeacht** | 26 cm |
| **Puipéadracht** | 60 cm |

Is é ba chóir a bheith i do **Bhileog Ullmhúcháin** ná rogha de staidéir ábhartha ullmhúcháin don Obair Roghnach, a thaispeánann pointe tosaigh agus forbairt na hoibre. Cuir do Bhileog Ullmhúcháin i láthair ar thaobh amháin de bhileog de pháipéar líníochta dar toisí 59 cm × 42 cm (A2) ar a mhéad.

## (e) Staidéir thacaíochta do na Staidéir 3T agus don Obair Roghnach

Ba chóir do chuid **Staidéar Tacaíochta** a bheith i bhfoirm físe agus i bhfoirm scríofa, agus ba chóir go mbeadh baint acu leis an saothar 3T agus leis an Obair Roghnach. Cuir do Staidéir Thacaíochta i láthair ar thaobh amháin de pháipéar líníochta dar toisí 59 cm × 42 cm (A2) ar a mhéad.

## Riachtanais an Scrúdaithe

Mar leanas a roinntear an 300 marc atá ag gabháil leis an tionscadal:

75 marc – ULLMHÚCHÁN: taighde agus fiosrúchán ina n-úsáidtear meáin éagsúla
75 marc – FORBAIRT: staidéir a léiríonn céimeanna cruthaitheacha indibhidiúla
120 marc – CUR i gCRÍCH: na saothair chríochnaithe 2T agus 3T
30 marc – STAIDÉIR THACAÍOCHTA: obair fhíse agus obair scríofa a bhaineann leis an tionscadal.

**1.** Cuid an-tábhachtach de do thionscadal iad do chuid **STAIDÉAR ULLMHÚCHÁIN**. Iarrtar ort am a chaitheamh ag smaoineamh ar na téamaí ar an scrúdpháipéar sula ndéanann tú do rogha. Roghnaigh an téama is fearr a oireann duit féin. Déan an téama a léirléamh ar bhealach cruthaitheach ábhartha. Ní mór duit a bheith ábalta taighde cuimsitheach físe a dhéanamh ar ábhar do théama, mar shampla, leis an líníocht, le staidéir dhaite, le grianghrafadóireacht, le staidéir thríthoiseacha agus ar shlite eile chun an méid a fheiceann tú agus a shamhlaíonn tú a chur ar taifead. Le linn duit sin a dhéanamh, cuirfidh tú ar fáil bailiúchán d'íomhánna agus de smaointe taighde a bheidh le forbairt ina dhiaidh sin agat. Ní mór duit úsáid a bhaint as do chuid íomhánna féin, idir rudaí a fheiceann tú agus rudaí a shamhlaíonn tú. Ní cóir a bheith ag brath ar obair a chóipeáil ná a rianú.

**2.** Is é is **FORBAIRT** ann ná na smaointe a chuir tú ar fáil le linn do chuid **Staidéar Ullmhúcháin** a thaiscéaladh agus a athbhreithniú arís agus arís eile ar bhealaí nua éagsúla de réir mar a théann do chuid oibre ar aghaidh. Ní mór duit do chuid oibre a athbhreithniú go rialta chun a dhéanamh amach cén rud ar éirigh leis agus cén rud nár éirigh leis. Cuideoidh sé sin leat a shocrú cad é an chéad rud eile a dhéanfaidh tú. Ba chóir go léireofaí san **Fhorbairt** cén tslí a dtagann do chuid smaointe agus teicnící chun cinn.

**3.** Leanann **CUR i gCRÍCH** do thionscadail ó na **Staidéir Ullmhúcháin** agus ón bh**Forbairt**. Is ag an am sin a dhéanann tú do shaothar 2T agus 3T. Is é atá i gceist sa **Chur i gCrích** ná a aithint cén rud a dhéanfaidh tú, agus cé na hábhair agus na teicnící is oiriúnaí chun do phlean a chur i gcrích ar an gcaighdeán is airde. Ní mór sin a dhéanamh ar scoil faoi mhaoirseacht do mhúinteora agus NÍ CÓIR an obair a thabhairt amach as an scoil.

**4.** Ba chóir go dtabharfadh do chuid **STAIDÉAR TACAÍOCHTA** léargas ar do thionscadal. Má dhéanann tú staidéar ar obair ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí ón am atá caite agus ón am i láthair, cuirfidh tú eolas ar an tslí ar oibrigh siad le téamaí agus le teicnící ar leith. Is féidir le **Staidéir Thacaíochta** a bheith i bhfoirm físe agus i bhfoirm scríofa. Ba chóir go mbeadh baint acu leis na próisis a bhíonn i gceist sa saothar 2T, sa saothar 3T agus sa chuid Roghnach den tionscadal, agus ba chóir go dtreiseoidís leo.

## Rialacháin an Scrúdaithe

Ní mór duit obair dhílis de do chuid féin a chur i láthair mar thionscadal.

Ní mór do thionscadal a dhéanamh faoi mhaoirseacht do mhúinteora. Ní ghlacfar le tionscadal murar féidir le do mhúinteoir a dhearbhú gurb é d'obair dhílis féin atá ann.

Ní cóir go mbeadh toisí do shaothair 2T agus 3T níos mó ná an uasmhéid a shonraítear ar an scrúdpháipéar.

Ní mór an teideal a chur ar gach mír den obair chun an téama roghnaithe a chur in iúl go soiléir.

Ní mór do scrúduimhir a bheith ar taispeáint go soiléir ar gach cuid den obair a chuirtear i láthair.

Cuir lipéad ar gach bileog a chuirtear i láthair agus bíodh an teideal cuí ar gach lipéad. Ná húsáid ach na lipéid ghreamaitheacha a chuirfear ar fáil.

Ní cóir níos mó ná seacht mbileog a bheith sa Tionscadal, ar an Ardleibhéal agus ar an nGnáthleibhéal araon.

Ní cóir níos mó ná sraith amháin d'obair ealaíne a bheith ar gach bileog A2.

Ní cóir aon obair ealaíne a dhéanamh ar chúl aon cheann de na bileoga A2.

Ní mór na bileoga A2 a chur sa chlúdach a chuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil don scoil.

Ní mór an saothar 3T a bheith ar barr.

Ní ceart an saothar 3T a chur i mbeartán ná i mbosca.

## *Seicliosta don Tionscadal – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal*

1. Ullmhúchán don phéintéireacht *nó* don Dearadh Grafach
2. An Phéintéireacht *nó* an Dearadh Grafach críochnaithe
3. Staidéir thacaíochta don Phéintéireacht *nó* don Dearadh Grafach
4. Ullmhúchán don saothar 3T
5. An saothar 3T críochnaithe
6. Ullmhúchán don Obair Roghnach (2T *nó* 3T)
7. An Obair Roghnach (2T *nó* 3T) críochnaithe
8. Staidéir thacaíochta don saothar 3T *agus* don Obair Roghnach

An Teastas Sóisearach – Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

# Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh – Tionscadal

Le heisiúint do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Iarrthóirí Dé Céadaoin, 1 Deireadh Fómhair, 2014
Ní mór an Tionscadal seo a bheith críochnaithe faoi 28 Aibreán, 2015